European Commission

# Procurement of AI Community

PUBLIC BUYERS COMMUNITY

## Togra le haghaidh clásail chonarthacha chaighdeánacha le haghaidh soláthar intleachta saorga arna dhéanamh ag na hEagraíochtaí Poiblí leagan mhí Mheán Fómhair 2023

DRAFT High Risk version

**Séanadh**

**Is dréachtdoiciméad é seo atá le plé, agus sin amháin, chun aiseolas tosaigh a bhailiú ó pháirtithe leasmhara. D'fhorbair Jeroen Naves (Pels Rijcken) an doiciméad seo. Ní doiciméad oifigiúil de chuid an Aontais é seo agus ní féidir a mheas i gcás ar bith gur léiriú ar sheasamh oifigiúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é. Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an doiciméad seo. Tá an doiciméad seo fós idir lámha. Ní féidir aon cheart a dhíorthú ón doiciméad seo.**

**Réamhthuairimí**

Dréachtaíodh na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo le haghaidh eagraíochtaí poiblí ar mian leo Córas IS atá forbartha ag soláthróir seachtrach a sholáthar. Tá na clásail chaighdeánacha seo bunaithe ar na clásail chaighdeánacha le haghaidh soláthar córas algartamach a d'fhorbair Cathair Amstardam in 2018 (https://www.amsterdam.nl/innovatie/digitalisering-technologie/algoritmen-ai/contractual-terms-for-algorithms/).

Na clásail chonarthacha chaighdeánacha a chuirtear i láthair sa dréacht seo tá siad bunaithe den chuid is mó ar na ceanglais agus na hoibleagáidí le haghaidh Córais IS ardriosca a chuimsítear i dTeideal III den togra le haghaidh Rialachán maidir leis an intleacht shaorga* ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga'). Tá an togra seo faoi réir caibidlíocht leanúnach mar sin is gá na clásail a athbhreithniú chun aon athrú a dhéantar a chur san áireamh agus chun iad a ailíniú go hiomlán leis an rialachán críochnaitheach arna ghlacadh ag an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Ós rud é go bhfuil an Gníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe fós faoi chaibidlíocht, féadfaidh eagraíochtaí poiblí a chinneann na coinníollacha sin a úsáid déanamh amhlaidh ar bhonn deonach agus measúnú á dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar cé acu atá nó nach bhfuil na ranna éagsúla de na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo leordhóthanach agus comhréireach chun Córas IS ar leith a sholáthar. Leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha dírítear go háirithe ar chórais IS a aicmítear mar 'ardriosca' de réir bhrí Airteagal 6 agus a liostaítear i gceann de na réimsí a chumhdaítear le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe. Le haghaidh intleacht shaorga neamh-ardriosca, níl cur i bhfeidhm na gceanglas seo éigeantach faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga ach moltar sin chun feabhas a chur ar iontaofacht feidhmchlár intleachta saorga arna soláthar ag eagraíochtaí poiblí. I gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil údar leis de réir thionchar an chórais ar na daoine aonair agus ar an tsochaí, féadfaidh eagraíochtaí poiblí cur i bhfeidhm na gclásal seo a leathnú freisin chuig córais algartamacha eile ar féidir nach gá go mbeidh siad cáilithe mar 'intleacht shaorga' chun córais riailbhunaithe bogearraí níos simplí a chumhdach, ós rud é gur féidir go n-éileofar lena n-úsáid san earnáil phoiblí i gcásanna áirithe cuntasacht, rialú agus trédhearcacht mhéadaithe.

Chun freastal ar eagraíochtaí poiblí ar mian leo na clásail chonarthacha chaighdeánacha sin a úsáid le haghaidh córais IS neamh-ardriosca, tá leagan éadrom de na clásail sin ar fáil freisin.

Níl sna clásail chonarthacha chaighdeánacha ach forálacha a bhaineann go sonrach le Córais IS agus maidir le hábhair a chumhdaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe, agus ar an gcaoi sin, eisiatar oibleagáidí nó ceanglais eile ar féidir go n-eascróidh siad faoin reachtaíocht ábhartha is infheidhme amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Thairis sin, ní chuimsítear leis na clásail chonarthacha chaighdeánacha sin socrú conarthach iomlán. Mar shampla, níl aon choinníoll sna clásail chonarthacha chaighdeánacha sin maidir le maoin intleachtúil, glacadh, íocaíocht, agaí seachadta, an dlí is infheidhme ná dliteanas. Dréachtaítear na clásail chonarthacha chaighdeánacha ar bhealach a fhágann gur féidir iad a chur i gceangal mar sceideal le comhaontú inar leagadh na hábhair sin síos cheana.

* Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais, COM(2021)206 final.

## *Roinn A - Sainmhínithe*

Article 1 Sainmhínithe

1.1. Le téarmaí caipitlithe a úsáidtear sna Clásail seo beidh an bhrí mar a shainmhínítear san Airteagal seo.

- Comhaontú: an comhaontú iomlán a bhfuil na Clásail, mar sceideal, mar chuid chomhtháite;
- An Córas IS: an córas IS nó na córais IS dá dtagraítear in **Iarscríbhinn A**, agus aon leagan nua de nó díobh san áireamh;
- Clásail: na clásail chonarthacha chaighdeánacha seo le haghaidh soláthar intleachta saorga arna dhéanamh ag eagraíochtaí poiblí;
- Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí: na Tacair Sonraí (nó codanna díobh) (i) arna soláthar ag an Eagraíocht Phoiblí don Sholáthróir faoin gComhaontú nó (ii) atá le cruthú nó le bailiú mar chuid den Chomhaontú, agus aon leagan modhnaithe nó leathnaithe de na Tacair Sonraí dá dtagraítear faoi (i) agus (ii) san áireamh (mar shampla de bharr anótála, lipéadú, glanadh, saibhriú nó comhiomlánú);
- Tacair Sonraí: na tacair sonraí uile a úsáidtear agus an Córas IS á fhorbairt, lena gcuimsítear an tacar sonraí nó na tacair sonraí mar a thuairiscítear in **Iarscríbhinn B**;
- Seachadadh: an tráth a chuireann an Soláthróir an Eagraíocht Phoiblí ar an eolas go gcomhlíontar na coinníollacha comhaontaithe uile leis an gCóras IS agus go bhfuil sé réidh le húsáid;
- An Chríoch atá Beartaithe dó: an úsáid atá beartaithe ag an Eagraíocht Phoiblí do Chóras IS, agus an comhthéacs sonrach agus na coinníollacha úsáide san áireamh, mar a shonraítear in Iarscríbhinn B, an t-eolas a sholáthraíonn an Soláthróir sna treoracha úsáide, sna hábhair spreagtha nó díolacháin agus sna ráitis, agus sa doiciméadacht theicniúil chomh maith leis sin;
- Mí-úsáid Measartha Intuartha: úsáid an Chórais IS ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an gCríoch atá Beartaithe dó, ach a fhéadfaidh teacht as iompraíocht dhaonna atá measartha intuartha nó idirghníomhaíocht le córais eile;
- Modhnú Substaintiúil: athrú ar an gCóras IS tar éis an tSeachadta lena ndéantar difear do chomhlíonadh an Chórais IS maidir leis na ceanglais a leagtar amach sna Clásail seo nó as a dtagann modhnú ar an gCríoch atá Beartaithe dó;
- Soláthróir: an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó comhlacht eile a sholáthraíonn an Córas IS don Eagraíocht Phoiblí de bhun an Chomhaontaithe;
- Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Sonraí Tríú Páirtí: na Tacair Sonraí (nó codanna díobh) nach gcáilíonn mar Thacair Sonraí Eagraíochta Poiblí.

## *Roinn B – Ceanglais fhíor-riachtanacha i ndáil leis an gcóras IS*

Article 2 Córas bainistíochta riosca

2.1. Áirithíonn an Soláthróir gurb amhlaidh, roimh Sheachadadh an Chórais IS, a bhunófar córas bainistíochta riosca agus a chuirfear chun feidhme é i ndáil leis an gCóras IS.

2.2. Leis an gcóras bainistíochta riosca cuimseofar na bearta seo a leanas ar a laghad:

a. sainaithint, meastachán agus meastóireacht ar na rioscaí atá aitheanta agus measartha intuartha maidir le sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar dócha go n-eascróidh siad i bhfianaise na Críche atá Beartaithe don Chóras IS agus Mí-úsáid Measartha Intuartha;

b. meastóireacht ar rioscaí eile a d'fhéadfadh eascairt;

c. glacadh beart bainistíochta riosca iomchuí agus spriocdhírithe a dheartar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear de bhun phointí a agus b den mhír seo i gcomhréir le forálacha na míreanna seo a leanas.

2.3. Beidh na bearta bainistíochta riosca dá dtagraítear i mír 2.2, pointe (c) de chineál a meastar go réasúnta go bhfuil rioscaí iarmharacha ábhartha atá bainteach le gach guais chomh maith le riosca iarmharach foriomlán an chórais IS inghlactha ag an Soláthróir, ar choinníoll go n-úsáidtear an Córas IS i gcomhréir leis an gCríoch atá Beartaithe dó nó faoi dhálaí Mí-úsáide Measartha Intuartha.

2.4. Agus na bearta bainistíochta riosca is iomchuí dá dtagraítear i mír 2.2, pointe (c), á sainaithint, áiritheofar go ndéanfar an méid seo a leanas:

a. deireadh a chur le rioscaí sainaitheanta nó iad a laghdú a mhéid is féidir go teicniúil trí dhearadh agus forbairt oiriúnach an Chórais IS;

b. i gcás inarb iomchuí, cur chun feidhme bearta maolaithe agus rialaithe leormhaithe maidir le rioscaí nach féidir a dhíothú;

c. soláthar eolais oiriúnaigh don Eagraíocht Phoiblí.

2.5. Áirithíonn an Soláthróir gurb amhlaidh, roimh Sheachadadh an Chórais IS, go dtástáilfear an Córas IS chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar leis an gCóras IS na Clásail agus cé acu atá nó nach bhfuil na bearta bainistíochta riosca dá dtagraítear i mír 2.2, pointe (c) éifeachtach i bhfianaise na Críche atá Beartaithe dó agus Mí-úsáid Measartha Intuartha. Má iarrann an Eagraíocht Phoiblí amhlaidh, tá sé d'oibleagáid ar an Soláthróir an Córas IS a thástáil i dtimpeallacht na hEagraíochta Poiblí.

2.6. Na rioscaí uile a sainaithnítear, na bearta uile a rinneadh agus na tástálacha uile a rinneadh i gcomhthéacs chomhlíonadh an Airteagail seo, ní mór don Soláthróir iad a dhoiciméadú. Ní mór don Soláthróir an doiciméadacht sin a chur ar fáil don Eagraíocht Phoiblí aga Seachadta an Chórais IS ar a laghad. Is féidir an doiciméadacht sin a bheith mar chuid den doiciméadacht theicniúil agus/nó na treoracha úsáide.

2.7. Is é a bheidh sa chóras bainistíochta riosca próiseas atriallach agus leanúnach a reáchtáiltear i gcaitheamh fhad iomlán an Chomhaontaithe. Ní mór don Soláthróir an méid seo a leanas a dhéanamh dá bhrí sin tar éis Sheachadadh an Chórais IS:

a. an próiseas bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, chun a éifeachtacht leanúnach a áirithiú;

b. an doiciméadacht ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 2.6 a choimeád cothrom le dáta; agus

c. gach leagan nua den doiciméadacht ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 2.6 a chur ar fáil don Eagraíocht Phoiblí gan mhoill.

2.8. Má éilítear sin go réasúnta chun go bhforghníomhóidh an Soláthróir an córas bainistíochta riosca go cuí, déanfaidh an Eagraíocht Phoiblí, arna iarraidh don Soláthróir, eolas a thabhairt dó a mhéid nach de chineál rúnda é sin.

2.9. **<Roghnach>** Má leanann an úsáid a bhaineann an Eagraíocht Phoiblí as an gCóras IS thar théarma an Chomhaontaithe, i ndeireadh théarma an Chomhaontaithe soláthróidh an Soláthróir an t-eolas is gá don Eagraíocht Phoiblí chun an córas bainistíochta riosca a choinneáil ar bun as a stuaim féin.

Article 3 **< Níl Airteagal 3 ábhartha ach maidir le Córais IS lena mbaintear úsáid as teicnící lena mbaineann oiliúint a chur ar shamhlacha trí shonraí. Le hAirteagal 3, glactar leis go bhfuil rochtain iomlán ag an Soláthróir (nó a fhochonraitheoirí) ar na Tacair Sonraí. Má tá na Tacair Sonraí i seilbh na hEagraíochta Poiblí go heisiach, is gá socruithe eile a dhéanamh.>** Sonraí agus rialachas sonraí

3.1. Maidir leis na Tacair Sonraí a úsáidtear agus an Córas IS á fhorbairt, agus oiliúint, bailíochtú agus tástáil san áireamh, áirithíonn an Soláthróir go raibh siad agus go mbeidh siad faoi réir rialachas sonraí atá iomchuí le haghaidh an chomhthéacs úsáide agus na Críche atá Beartaithe don Chóras IS chomh maith leis sin. Bainfidh na bearta sin leis an méid seo a leanas go háirithe:

a. trédhearcacht maidir le críoch bhunaidh an bhailiúcháin sonraí;
b. na roghanna ábhartha maidir le dearadh;
c. próisis bailiúcháin sonraí;
d. ullmhú sonraí chun oibríochtaí a phróiseáil, amhail anótáil, lipéadú, glanadh, saibhriú agus comhiomlánú;
e. toimhdí ábhartha a fhoirmliú, go háirithe maidir leis an bhfaisnéis a bhfuil na sonraí ceaptha a thomhas agus ionadaíocht a dhéanamh uirthi;
f. scrúdú i bhfianaise laofachtaí féideartha ar dócha go ndéanfar difear leo do shláinte agus sábháilteacht daoine nádúrtha nó go dtiocfaidh idirdhealú a thoirmeasctar le dlíthe an Aontais Eorpaigh astu;
g. bearta iomchuí chun laofachtaí féideartha a bhrath, a chosc agus a mhaolú;
h. sainaithint bearnaí sonraí ábhartha nó easnamh lena gcoisctear comhlíonadh na gClásal seo, agus conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na bearnaí agus na heasnaimh sin.

3.2. Áirithíonn an Soláthróir go bhfuil na Tacair Sonraí a úsáidtear agus an Córas IS á fhorbairt ábhartha, ionadaíoch, agus a mhéid is fearr is féidir saor ó earráidí agus chomh hiomlán is féidir i bhfianaise na Críche atá Beartaithe dó. Áirithíonn an Soláthróir go bhfuil na hairíonna staidrimh iomchuí ag Tacair Sonraí, agus, i gcás inarb infheidhme, a mhéid a bhaineann leis na daoine nó na grúpaí daoine a mbeartaítear an Córas IS a úsáidtear orthu san áireamh. Féadfar saintréithe na dTacar Sonraí sin a chomhlíonadh ar leibhéal na dtacar aonair sonraí nó ar mheascán díobh sin.

3.3. Áirithíonn an Soláthróir gurb amhlaidh leis na Tacair Sonraí a úsáidtear agus an Córas IS á fhorbairt a chuirtear san áireamh, a mhéid a éilítear leis an gCríoch atá Beartaithe dó nó le Mí-úsáid Measartha Intuartha, na saintréithe nó na heilimintí a bhaineann go sonrach leis an suíomh geografach, iompraíochta comhthéacsúla nó feidhmiúil ar laistigh de atá beartaithe an Córas IS a úsáid.

3.4. Na hoibleagáidí faoin Airteagal seo tá feidhm acu maidir le forbairt an Chórais IS roimh Sheachadadh, ach ní hamháin sin tá feidhm acu freisin maidir leis an úsáid a bhaineann an

Soláthróir as Tacair Sonraí lenar féidir difear a dhéanamh d'fheidhmiú an Chórais IS aon tráth eile le linn théarma an Chomhaontaithe.

Article 4 Doiciméadacht theicniúil agus treoracha úsáide

4.1. Le Seachadadh an Chórais IS arna dhéanamh ag an Soláthróir cuimsítear an doiciméadacht theicniúil agus na treoracha úsáide a thabhairt ar láimh.

4.2. Leis an doiciméadacht theicniúil ní mór é a chur ar a cumas don Eagraíocht Phoiblí nó é a chur ar a chumas do thríú páirtí measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chórais IS maidir le forálacha na gceanglas a leagtar síos sna Clásail seo agus na coinníollacha ar a dtugtar tuairisc in **Iarscríbhinn C** a chomhlíonadh ar a laghad.

4.3. Leis na treoracha úsáide cuimseofar eolas beacht, iomlán, ceart agus soiléir atá ábhartha maidir leis an Eagraíocht Phoiblí agus atá inrochtana agus intuigthe aici. Leis na treoracha úsáide ní mór ar a laghad na coinníollacha ar a dtugtar tuairisc in **Iarscríbhinn D** a chomhlíonadh.

4.4. Ní mór don Soláthróir an doiciméadacht sin a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad le gach Modhnú Substaintiúil le linn théarma an Chomhaontaithe, agus í a chur ar fáil don Eagraíocht Phoiblí ina dhiaidh sin.

4.5. **<roghnach>** An doiciméadacht theicniúil agus na treoracha úsáide, ní mór iad a tharraingt suas i mBéarla.

4.6. **<roghnach>** Tá an ceart ag an Eagraíocht Phoiblí cóipeanna a dhéanamh den doiciméadacht theicniúil agus de na treoracha úsáidte a mhéid is gá le haghaidh úsáid inmheánach laistigh d'eagraíocht na hEagraíochta Poiblí, gan dochar d'fhorálacha Airteagail 6 agus 13.

Article 5 Coimeád taifead

5.1. Áirithíonn an Soláthróir go raibh agus go mbeidh an Córas IS deartha agus forbartha agus cumais ann lena gcumasaítear taifeadadh uathoibríoch a dhéanamh ar theagmhais ('logaí') fad atá an Córas IS ag oibriú. Beidh na cumais logála sin i gcomhréir le caighdeáin úrscothacha agus, más infhaighte, caighdeáin aitheanta nó sonraíochtaí comhchoiteanna. **<Roghnach: cuir isteach, más infhaighte, caighdeán sonrach>**

5.2. Leis na cumais logála cinnteofar leibhéal inrianaitheachta d'fheidhmiú an Chórais IS i gcaitheamh a shaolré atá iomchuí maidir leis an gCríoch atá Beartaithe don chóras agus Mí-úsáid Measartha Intuartha. Go háirithe, cumasófar leo taifeadadh teagmhas atá ábhartha chun staideanna a shainaithint arb é a fhéadfaidh teacht astu:

   a. riosca a bhaineann leis an gCóras IS, ar riosca é maidir le sláinte nó sábháilteacht nó cosaint ceart bunúsach daoine; nó
   b. Modhnú Substaintiúil.

5.3. **<Roghnach>**Ceadóidh an Soláthróir don Eagraíocht Phoiblí na logaí a ghintear go huathoibríoch leis an gCóras IS a rochtain ar bhonn fíor-ama.

5.4. Coimeádfaidh an Soláthróir na logaí a ghintear go huathoibríoch leis an gCóras IS, a mhéid atá na logaí sin faoina rialú bunaithe ar an gComhaontú, ar feadh ré an Chomhaontaithe. I ndeireadh théarma an Chomhaontaithe, soláthróidh an Soláthróir na logaí sin don Eagraíocht Phoiblí gan mhoill.

Article 6 Trédhearcacht an Chórais IS

6.1. Áirithíonn an Soláthróir go raibh agus go mbeidh an Córas IS deartha agus forbartha ar bhealach a fhágann go bhfuil oibriú an Chórais IS sách trédhearcach chun é a chur ar a cumas don Eagraíocht Phoiblí feidhmiú an chórais a thuiscint go réasúnta.

6.2. Chun trédhearcacht iomchuí a chinntiú roimh Sheachadadh an Chórais IS déanfaidh an Soláthróir ar a laghad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla ar a dtugtar tuairisc in **Iarscríbhinn E** a chur chun feidhme. Is é ba cheart teacht as na bearta sin gur féidir leis an Eagraíocht Phoiblí an Córas IS a thuiscint agus a úsáid go hiomchuí ach fios a bheith aici go ginearálta conas a oibríonn an Córas IS agus cé na sonraí a phróiseálann sé, rud a fhágann gur féidir leis an Eagraíocht Phoiblí na cinntí a dhéanann an Córas IS a mhíniú do na daoine nó don ghrúpa daoine ar a n-úsáidtear an Córas IS nó ar a mbeartaítear é a úsáid.

Article 7 Formhaoirseacht dhaonna

7.1. Áirithíonn an Soláthróir go raibh agus go mbeidh an Córas IS deartha agus forbartha ar bhealach, agus le huirlisí iomchuí comhéadain duine le meaisín san áireamh, a fhágann gur féidir le daoine nádúrtha formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh air mar is comhréireach maidir leis na rioscaí atá bainteach leis an gcóras.

7.2. Áirithíonn an Soláthróir go mbeidh, roimh an Seachadadh, bearta iomchuí leabaithe sa Chóras IS agus go ndéanfar iad chun formhaoirseacht dhaonna a chinntiú. Leis na bearta sin, a bhféadfaí *inter alia* oiliúint ar fhostaithe na hEagraíochta Poiblí a chuimsiú leo, cuirfear é ar a gcumas do na daoine aonair dá sanntar formhaoirseacht dhaonna an méid seo a leanas a dhéanamh, de réir mar is iomchuí maidir leis na himthosca:

a. a bheith feasach ar inniúlachtaí agus teorainneacha ábhartha an Chórais IS agus iad a thuiscint go leordhóthanach agus a bheith in ann faireachán cuí a dhéanamh ar a oibríocht, ionas gur féidir comharthaí aimhrialtachtaí, mífheidhmithe agus feidhmíochta neamhthuartha a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir;

b. a bheith feasacht i gcónaí ar an gclaonadh féideartha a bhaineann le bheith ag brath nó ag róbhrath go huathoibríoch ar an aschur a tháirgtear leis an gCóras IS (‘claonadh uathoibríoch’), go háirithe má úsáidtear an Córas IS chun eolas nó moltaí a sholáthar le haghaidh cinntí a bheidh le déanamh ag daoine nádúrtha;

c. a bheith in ann aschur an Chórais IS a léirmhíniú i gceart, agus saintréithe an chórais agus na n-uirlisí agus na modhanna léirmhíniúcháin atá ar fáil á gcur san áireamh go háirithe;

d. a bheith in ann a chinneadh, in aon chás ar leith, gan úsáid a bhaint as an gCóras IS nó gan neamhaird a dhéanamh ar aon slí eile, aschur an Chórais IS a shárú nó a aisiompú;

e. a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh maidir le hoibriú an Chórais IS nó an córas a idirbhriseadh trí chnaipe ‘stad’ nó trí nós imeachta eile den chineál sin.

7.3. **<roghnach>** Chun formhaoirseacht dhaonna iomchuí a chinntiú, déanfaidh an Soláthróir ar a laghad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla ar a dtugtar tuairisc in **Iarscríbhinn F** a chur chun feidhme ar a laghad roimh Sheachadadh an Chórais IS**.**

Article 8 Cruinneas, stóinseacht agus cibearshlándáil

8.1. Áirithíonn an Soláthróir go raibh agus go mbeidh an Córas IS deartha agus forbartha de réir phrionsabal na slándála trí dhearadh agus mar réamhshocrú. I bhfianaise na Críche atá Beartaithe dó, ba cheart dó leibhéal iomchuí cruinnis, stóinseachta, sábháilteachta agus cibearshlándála a bhaint amach, agus feidhmiú go comhsheasmhach maidir leis sin i gcaitheamh shaolré an Chórais IS.

8.2. Leibhéil chruinnis agus méadracht chruinnis ábhartha an Chórais IS, tugtar tuairisc orthu in **Iarscríbhinn G**.

8.3. Chun leibhéal iomchuí stóinseachta, sábháilteachta agus cibearshlándála a chinntiú, déanfaidh an Soláthróir ar a laghad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla ar a dtugtar tuairisc in **Iarscríbhinn H** a chur chun feidhme roimh Sheachadadh an Chórais IS.

## *Roinn C – Oibleagáidí an tSoláthróra i ndáil leis an gCóras IS*

Article 9 Comhlíonadh Roinn B

Ní mór don Soláthróir a chinntiú gurb amhlaidh ó Sheachadadh an Chórais IS go deireadh théarma an Chomhaontaithe a chomhlíonfar leis an gCóras IS na ceanglais a bhunaítear i Roinn B de na Clásail seo.

Article 10 **<roghnach>** Córas bainistíochta cáilíochta

10.1. Roimh Sheachadadh an Chórais IS, cuirfidh an Soláthróir córas bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm lena gcinntítear go gcomhlíonfar na Clásail seo. Déanfar an córas sin a dhoiciméadú ar bhealach córasach agus in ord, i bhfoirm beartais, nósanna imeachta agus treoracha i scríbhinn, agus beidh, ar laghad, na gnéithe seo a leanas san áireamh leis sin:

a. straitéis le haghaidh comhlíonadh rialála;
b. teicnící, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí córasacha atá le húsáid maidir le dearadh, rialú deartha agus fíorú deartha an Chórais IS;
c. teicnící, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí córasacha atá le húsáid maidir le forbairt, rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta an Chórais IS;
d. nósanna imeachta scrúdaithe, tástála agus bailíochtaithe atá le déanamh roimh an gCóras IS a fhorbairt, lena linn agus ina dhiaidh, agus a mhinice is gá iad a dhéanamh;
e. sonraíochtaí teicniúla, agus caighdeáin san áireamh, atá le cur i bhfeidhm agus, i gcás nach gcuirtear na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha i bhfeidhm go hiomlán, ná nach gcumhdaítear na ceanglais ábhartha uile leo, na modhanna atá le húsáid chun a chinntiú go gcomhlíonfar leis an gCóras IS na ceanglais a leagtar amach i Roinn B de na Clásail seo;

f. córais agus próisis le haghaidh bainistíocht sonraí, cuir i gcás bailiú sonraí, anailísíocht sonraí, lipéadú sonraí, stóráil sonraí, scagadh sonraí, mianadóireacht sonraí, comhiomlánú sonraí, coinneáil sonraí agus aon oibríocht eile maidir leis na sonraí a fheidhmítear roimh Sheachadadh an Chórais IS;

g. an córas bainistíochta riosca dá dtagraítear in airteagal 2;

h. próisis a bhaineann le teagmhais thromchúiseacha agus mífheidhmiú a thuairisciú;

i. córais agus nósanna imeachta maidir le taifid a choimeád ar gach doiciméad agus faisnéis ábhartha;

j. bainistiú acmhainní, lena n-áirítear bearta a bhaineann le slándáil an tsoláthair;

k. creat cuntasachta lena leagtar amach freagrachtaí na bainistíochta agus na foirne eile maidir le gach gné a liostaítear sa mhír seo.

Article 11 **<roghnach>** Measúnú comhréireachta

11.1. Cinnteoidh an Soláthróir go ndéantar leis an gCóras IS an nós imeachta um measúnú comhréireachta seo a leanas a leanúint roimh Sheachadadh an Chórais IS:

a. Fíoraíonn an Soláthróir go bhfuil an córas bainistíochta cáilíochta bunaithe i gcomhréir le ceanglais airteagal 10.

b. Déanann an Soláthróir scrúdú ar an eolas atá sa doiciméadacht theicniúil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chórais IS maidir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach i Roinn B de na Clásail seo.

c. Fíoraíonn an Soláthróir freisin go bhfuil próiseas deartha agus forbartha an Chórais IS i gcomhréir leis an doiciméadacht theicniúil.

11.2. Áirithíonn an Soláthróir go leanfar leis an gCóras IS nós imeachta nua um measúnú comhréireachta aon uair atá an gCóras IS Modhnaithe go Substaintiúil ag an Soláthróir le linn théarma an Chomhaontaithe.

Article 12 Bearta ceartaitheacha

Más rud é le linn théarma an chomhaontaithe go measann an Soláthróir nó go bhfuil cúis aige a mheas nach bhfuil an Córas IS i gcomhréir leis na Clásail seo, cé acu mar fhreagairt ar bharúil ón Eagraíocht Phoiblí nó nach ea, déanfaidh sé na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an córas a thabhairt i gcomhréir. Cuirfidh an Soláthróir an Eagraíocht Phoiblí ar an eolas dá réir sin.

Article 13 Oibleagáid chun feidhmiú an Chórais IS a mhíniú ar leibhéal aonair

13.1. I dteannta na n-oibleagáidí ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 6, le linn théarma an Chomhaontaithe tá sé d’oibleagáid ar an Soláthróir cúnamh a thabhairt don Eagraíocht Phoiblí arna chéadiarraidh sin don Eagraíocht Phoiblí chun a mhíniú do na daoine nó do na grúpaí daoine ar a n-úsáidtear an Córas IS nó ar a mbeartaítear é a úsáid conas a thángthas ar chinneadh nó toradh ar leith leis an gCóras IS. Ar a laghad, leis an gcúnamh sin cuimseofar léiriú soiléir ar na príomhfhachtóirí a d’fhág gur thángthas ar thoradh ar leith leis an gCóras IS agus na hathruithe ar an ionchur nach mór a dhéanamh chun go dtiocfar ar thoradh éagsúil leis.

13.2. Leis an oibleagáid mar a thuairiscítear in Airteagal 13.1 cuimsítear an t-eolas teicniúil uile agus eolas eile a sholáthar don Eagraíocht Phoiblí, ar eolas é a éilítear chun a mhíniú conas a thángthas ar chinneadh nó toradh ar leith leis an gCóras IS agus chun an deis a thabhairt do na daoine nó don ghrúpa daoine ar a n-úsáidtear an Córas IS nó ar a mbeartaítear é a úsáid an bealach ar thángthas ar chinneadh nó toradh ar leith leis an gCóras IS a fhíorú. Leis seo, deonaíonn an Soláthróir an ceart don Eagraíocht Phoiblí chun an t-eolas sin a úsáid, a chomhroinnt agus a nochtadh, más gá agus a mhéid is gá chun na daoine nó an grúpa daoine ar a n-úsáidtear an Córas IS, nó ar a mbeartaítear úsáid a bhaint as, a chur ar an eolas maidir le feidhmiú an Chórais IS agus/nó in aon imeacht bhreithiúnach.

13.3. **<roghnach>** Leis na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 13.1 agus 13.2 cuimsítear cód foinseach an Chórais IS, na sonraíochtaí teicniúla a úsáidtear agus an Córas IS á fhorbairt, na Tacair Sonraí, eolas teicniúil maidir le conas a fuarthas na Tacair Sonraí agus a rinneadh eagarthóireacht orthu ar Tacair Sonraí iad a úsáideadh agus an Córas IS á fhorbairt, eolas maidir leis an modh forbartha a úsáideadh agus an próiseas forbartha á leanúint, substaintiú na rogha le haghaidh samhail ar leith agus a paraiméadar, agus eolas maidir le feidhmíocht an Chórais IS.

### *Roinn D – Cearta chun na Tacair Sonraí a úsáid*

Article 14 Cearta chun Tacar Sonraí Eagraíochta Poiblí

14.1. Fabhróidh na cearta uile, agus aon cheart maoine intleachtúla san áireamh, a bhaineann le Tacair Sonraí Eagraíochta Foilseacháin don Eagraíocht Phoiblí nó tríú páirtí a bheidh ainmnithe amhlaidh ag an Eagraíocht Phoiblí.

14.2. Níl an Soláthróir i dteideal Tacair Sonraí Eagraíochta Foilseacháin a úsáid le haghaidh aon chríoch seachas feidhmiú an Chomhaontaithe, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in Iarscríbhinn B.

14.3. Arna chéadiarraidh sin don Eagraíocht Phoiblí, ní mór don Soláthróir Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí a scriosadh, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in Iarscríbhinn B. Má éilíonn an Eagraíocht Phoiblí amhlaidh, ní mór don Soláthróir fianaise fhéideartha a sholáthar ar scrios Tacar Sonraí Eagraíochta Foilseacháin.

Article 15 Cearta chun Tacar Sonraí Soláthróra agus Tacar Sonraí Tríú Páirtí

15.1. Fabhróidh na cearta uile, agus aon cheart maoine intleachtúla san áireamh, a bhaineann le Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Sonraí Tríú Páirtí don Soláthróir nó tríú páirtí.

15.2. Deonaíonn an Soláthróir ceart neamheisiach don Eagraíocht Phoiblí chun Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Sonraí Tríú Páirtí a úsáid, rud atá leordhóthanach in aon chás chun forálacha an Chomhaontaithe, agus na Clásail san áireamh, a fheidhmiú ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in Iarscríbhinn B.

15.3. **<roghnach>** Leis an gceart úsáide ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 15.2 cuimsítear an ceart chun Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Tríú Páirtí a úsáid chun go bhforbróidh an Eagraíocht Phoiblí nó tríú páirtí an Córas IS, agus aon leagan nua de san áireamh, a thuilleadh.

Article 16 Na Tacair Sonraí a thabhairt ar láimh

16.1. Arna chéadiarraidh sin don Eagraíocht Phoiblí, tabharfaidh an Soláthróir an leagan is déanaí de na Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí ar láimh don Eagraíocht Phoiblí.

16.2. Arna chéadiarraidh sin don Eagraíocht Phoiblí, tabharfaidh an Soláthróir an leagan is déanaí de na Tacair Sonraí Soláthróra agus de na Tacair Sonraí Tríú Páirtí ar láimh don Eagraíocht Phoiblí, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in Iarscríbhinn B.

16.3. Ní mór don Soláthróir na Tacair Sonraí a thabhairt ar láimh don Eagraíocht Phoiblí i bhformáid chomhaid choiteann a bheidh le hainmniú ag an Eagraíocht Phoiblí. **<roghnach> Cuirfear na Tacair Sonraí ar ais mar a leanas: [formáid an chomhaid].**

Article 17 Slánuithe

17.1. Slánóidh an Soláthróir an Eagraíocht Phoiblí ar na héilimh uile a thugann tríú páirtithe, agus maoirseoirí san áireamh, i leith aon sárú ar a gcearta maoine intleachtúla, ar a gcearta príobháideachais nó éilimh choibhéiseacha a bhaineann le heolas, iomaíocht neamhdhleathach agus mar sin de maidir leis na Tacair Sonraí Soláthróra agus na Tacair Sonraí Tríú Páirtí.

17.2. Slánóidh an Eagraíocht Phoiblí an Soláthróir ar na héilimh uile a thugann tríú páirtithe, agus maoirseoirí san áireamh, i leith aon sárú ar a gcearta maoine intleachtúla, ar a gcearta príobháideachais nó éilimh choibhéiseacha a bhaineann le heolas, iomaíocht neamhdhleathach agus mar sin de maidir leis na Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí.

## *Roinn E – Clár intleachta saorga agus iniúchadh*

Article 18 **<Roghnach>** Clár intleachta saorga

18.1. Arna chéadiarraidh sin don Eagraíocht Phoiblí, an leagan is déanaí den eolas ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinní C agus D soláthróidh an Soláthróir don Eagraíocht Phoiblí é.

18.2. Beidh an Eagraíocht Phoiblí i dteideal an t-eolas ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 18.1 a chomhroinnt le tríú páirtithe agus a nochtadh, mar shampla i gclár le haghaidh Córais IS.

18.3. Má éilíonn an Eagraíocht Phoiblí amhlaidh, tabharfaidh an Soláthróir cúnamh chun na Córais IS a chlárú in aon chlár ábhartha.

Article 19 Comhlíonadh agus iniúchadh

19.1. Arna chéadiarraidh sin don Eagraíocht Phoiblí, an t-eolas uile is gá chun comhlíonadh na gClásal seo a léiriú, ní mór do na Soláthróirí é a chur ar fáil don Eagraíocht Phoiblí.

19.2. Tá sé d'oibleagáid ar an Soláthróir dul i gcomhar in aon iniúchadh nó cineál cigireachta eile a bheidh le déanamh ag an Eagraíocht Phoiblí nó thar a ceann chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an Soláthróir a hoibleagáidí a leagtar síos sna Clásail seo a chomhlíonadh i gcónaí. Leis an gcomhar sin cuimseofar an t-eolas uile a éilíonn an Eagraíocht Phoiblí a sholáthar, agus léargas á sholáthar ar an gcóras

bainistíochta riosca a chuirtear chun feidhme, agus foireann an tSoláthróra á cur ar fáil le haghaidh agallamh agus rochtain á soláthar do shuíomhanna an tSoláthróra.

19.3. Ullmhóidh an Eagraíocht Phoiblí tuarascáil, nó cuirfidh sí faoi deara í a ullmhú ina dtaifeadtar conclúidí an iniúchta. Sa tuarascáil, déanfaidh an Eagraíocht Phoiblí a mhéid a chomhlíonann an Soláthróir na hoibleagáidí faoin gComhaontú a thaifeadadh. Má shuíonn an Eagraíocht Phoiblí nach gcomhlíonann an Soláthróir na hoibleagáidí faoin Airteagal seo, beidh sé d'oibleagáid ar an Soláthróir na lochtanna atá sainaitheanta ag an Eagraíocht Phoiblí a leigheas laistigh den téarma réasúnta a leagann an Eagraíocht Phoiblí síos sa tuarascáil. Mura leigheasann an Soláthróir na lochtanna a bheidh sainaitheanta ag an Eagraíocht Phoiblí laistigh den téarma a leagtar síos sa tuarascáil chun na fabhtanna sin a leigheas, beidh an Soláthróir ar mainneachtain le hoibriú an dlí.

19.4. Beidh an Eagraíocht Phoiblí i dteideal conclúidí na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 19.3 a fhoilsiú.

19.5. Beidh an Eagraíocht Phoiblí i dteideal iniúchadh a dhéanamh, nó a chur faoi deara iniúchadh a dhéanamh, uair amháin in aghaidh na bliana féilire nó i ndáil le haon Mhodhnú Substaintiúil.

19.6. Féadfaidh an Eagraíocht Phoiblí a chinneadh go ndéanfaidh iniúchóir neamhspleách an t-iniúchadh uile nó cuid de.

19.7. Costais an iniúchóra a bheidh le fostú ag an Eagraíocht Phoiblí, más ann, íocfaidh an Eagraíocht Phoiblí iad. Íocfaidh an Eagraíocht Phoiblí táille réasúnta as aon chostas a bheidh le tabhú ag an Soláthróir i gcomhthéacs an iniúchta. I gcás ar bith, de dheasca díospóid maidir le méid na táille sin ní thabharfar an ceart don Soláthróir a oibleagáidí a chur ar fionraí faoi na Clásail seo. Ní beidh aon táille den sórt sin le híoc ag an Eagraíocht Phoiblí má nochtar leis an iniúchadh nár fheidhmigh an Soláthróir a oibleagáidí faoi na Clásail seo.

### ***Roinn F – Costais***

<u>Article 20</u>    Costais

Mura gcomhaontaítear a mhalairt idir na páirtithe nó mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite sna Clásail seo, ní bheidh aon táille bhreise le híoc leis an Soláthróir ag an Eagraíocht Phoiblí i bhfianaise na hoibre a thagann as na Clásail seo.

**Iarscríbhinn A – An Córas IS agus an Chríoch atá Beartaithe dó**

Tuairisc ar an gCóras IS

Faoi raon feidhme na gclásal seo tá na córais seo a leanas nó na comhpháirteanna córas seo a leanas:

*Soláthair tuairisc ar an gCóras IS nó na Córais IS. Is féidir gur córas algartamach atá ann freisin nach gcáilíonn mar Chóras IS faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga.*

An Chríoch atá Beartaithe dó

*Soláthair tuairisc ar an úsáid a bhfuil an Córas IS beartaithe lena haghaidh.*

**Iarscríbhinn B – Na Tacair Sonraí**

*Soláthair tuairisc ar na Tacair Sonraí a úsáidtear chun oiliúint (más infheidhme) a chur ar an gCóras IS, chun é a bhailíochtú agus a thástáil. Déan idirdhealú idir Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí agus Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Sonraí Tríú Páirtí. I gcás Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí, tabhair tuairisc ar na críocha a bhféadfaidh an Soláthróir na Tacair Sonraí a úsáid lena n-aghaidh (seachas feidhmiú an Chomhaontaithe) agus cé acu a éilítear nó nach n-éilítear ar an Soláthróir an Tacar Sonraí a scriosadh i ndeireadh théarma an Chomhaontaithe. I gcás na dTacar Sonraí Soláthróra agus na dTacar Sonraí Tríú Páirtí tabhair tuairisc ar na críocha ar lena n-aghaidh a bhféadfaidh an Eagraíocht Phoiblí na Tacair Sonraí a úsáid agus ar cé acu atá nó nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an Soláthróir na Tacair Sonraí a thabhairt ar láimh.*

Na Tacair Sonraí Eagraíochta Poiblí

Soláthraíonn an Eagraíocht Phoiblí na Tacair Sonraí seo a leanas don Soláthróir faoin gComhaontú nó tá siad le cruthú nó le bailiú mar chuid den Chomhaontú:

| Tuairisc ar an Tacar Sonraí | Cearta úsáide an tSoláthróra | Oibleagáid chun an Tacar Sonraí a scriosadh i ndeireadh théarma an Chomhaontaithe |
|---|---|---|
| | | Is ann/Ní ann |
| | | Is ann/Ní ann |
| | | Is ann/Ní ann |
| | | Is ann/Ní ann |

Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Sonraí Tríú Páirtí

Úsáidfear nó úsáideadh na Tacair Sonraí Soláthróra agus na Tacair Sonraí Tríú Páirtí seo a leanas chun oiliúint (más infheidhme) a chur ar an gCóras IS, chun é a bhailíochtú agus a thástáil:

| Tuairisc ar an Tacar Sonraí | Cearta úsáide na hEagraíochta Poiblí | Oibleagáid tabhairt ar láimh[1] |
|---|---|---|
| | | Is ann/Ní ann |
| | | Is ann/Ní ann |

[1] Teorainn leis an oibleagáidí Tacair Sonraí Soláthróra agus Tacair Sonraí Tríú Páirtí a thabhairt ar láimh, ní theorannaítear léi oibleagáidí Soláthróra ar a dtugtar tuairisc in Airteagail 6 agus 13.

| | | |
|---|---|---|
| | | Is ann/Ní ann |
| | | Is ann/Ní ann |

**Iarscríbhinn C Doiciméadacht theicniúil**

Beidh an t-eolas seo a leanas ar a laghad, mar is infheidhme maidir leis an gCóras IS ábhartha, sa doiciméadacht theicniúil:

1. tuairisc ghinearálta ar an gCóras IS, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
   - 1.1. an chríoch atá beartaithe dó, ainm an tSoláthróra, dáta agus leagan an chórais;
   - 1.2. cineál na sonraí ar dócha go bpróiseálfar leis an gcóras iad nó a mbeartaítear iad a phróiseáil leis agus, i gcás sonraí pearsanta, catagóirí na ndaoine nádúrtha agus na ngrúpaí ar dócha go ndéanfar difear dóibh nó a mbeartaítear difear a dhéanamh dóibh;
   - 1.3. an chaoi a n-idirghníomhaíonn an Córas IS nó an chaoi ar féidir é a úsáid chun idirghníomhú le crua-earraí nó bogearraí nach cuid den Chóras IS é féin iad, i gcás inarb infheidhme;
   - 1.4. na leaganacha de bhogearraí nó dochtearraí ábhartha agus aon cheanglas a bhaineann le leagan a thabhairt cothrom le dáta;
   - 1.5. an tuairisc ar na foirmeacha uile ina gcuirtear an Córas IS ar an margadh nó ina gcuirtear i mbun seirbhíse é;
   - 1.6. an tuairisc ar na crua-earraí ar a bhfuil sé beartaithe an Córas IS a rith;
   - 1.7. i gcás ina bhfuil an Córas IS ina chomhpháirt de tháirgí, de ghrianghraif nó de léaráidí ina léirítear gnéithe seachtracha, marcáil agus leagan amach inmheánach na dtáirgí sin;
   - 1.8. tuairisc atá mionsonraithe agus so-intuigthe ar phríomhsprioc nó príomhspriocanna optamúcháin an chórais;
   - 1.9. tuairisc atá mionsonraithe agus so-intuigthe ar an aschur lena bhfuil coinne de chuid an chórais agus ar a cháilíocht aschuir lena bhfuil coinne;
   - 1.10. treoracha mionsonraithe agus so-intuigthe chun aschur an chórais a léirmhíniú;
   - 1.11. samplaí de chásanna ar lena n-aghaidh nár cheart an córas a úsáid.

2. tuairisc mhionsonraithe ar eilimintí an chórais IS agus ar an bpróiseas chun é a fhorbairt, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
   - 2.1. na modhanna agus na bearta a rinneadh chun an Córas IS a fhorbairt, cuir i gcás, i gcás inarb ábhartha, dul ar iontaoibh córas nó uirlisí réamhoilte arna soláthar ag tríú páirtithe agus conas a d'úsáid, a chomhtháthaigh nó a mhodhnaigh an Soláthróir iad agus tuairisc ar aon socrú ceadúnúcháin nó conarthach eile a bhaineann leis na hionchuir tríú páirtí sin san áireamh;
   - 2.2. sonraíochtaí deartha an chórais, is é sin loighic ghinearálta an Chórais IS agus na n-algartam; na roghanna deartha tábhachtacha lena n-áirítear an réasúnaíocht agus na toimhdí a rinneadh, maidir le daoine nó grúpaí daoine chomh maith a bhfuil sé beartaithe an córas a úsáid ina leith; na príomhroghanna aicmithe; an rud a bhfuil sé beartaithe an córas a dhearadh lena optamú agus ábharthacht na bparaiméadar éagsúil; na cinntí maidir le haon chomhbhabhtáil fhéideartha a rinneadh maidir leis na réitigh theicniúla a glacadh chun na ceanglais a leagtar amach sna Clásail seo a chomhlíonadh;
   - 2.3. tuairisc ar ailtireacht an chórais ina mínítear conas a thógann comhpháirteanna bogearraí ar a chéile nó conas a chuireann siad lena chéile agus conas a

chomhtháthaítear iad sa phróiseáil fhoriomlán; na hacmhainní ríomhaireachta a úsáidtear chun an Córas IS a fhorbairt, chun oiliúint a chur air, é a thástáil agus a bhailíochtú;

2.4. i gcás inarb ábhartha, na ceanglais sonraí i dtéarmaí bileoga sonraí ina ndéantar cur síos ar na modheolaíochtaí agus teicnící oiliúna agus ar na tacair sonraí oiliúna a úsáidtear, lena n-áirítear faisnéis maidir le foinse na dtacar sonraí sin, a raon feidhme agus a bpríomh-shaintréithe; an chaoi a bhfuarthas agus a roghnaíodh na sonraí; nósanna imeachta lipéadaithe (e.g. i gcás foghlaim faoi mhaoirseacht), modheolaíochtaí glanta sonraí (e.g. asluitigh a bhrath);

2.5. i gcás inarb infheidhme, tuairisc mhionsonraithe ar athruithe réamhshocraithe ar an gCóras IS agus ar a fheidhmíocht, in éineacht leis an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis na réitigh theicniúla a glacadh chun a áirithiú go gcomhlíonann an Córas IS go leanúnach na ceanglais ábhartha a leagtar amach sna Clásail seo;

2.6. na nósanna imeachta bailíochtaithe agus tástála a úsáideadh, lena n-áirítear faisnéis faoi na sonraí bailíochtaithe agus tástála a úsáideadh agus a bpríomh-shaintréithe; an mhéadracht a úsáidtear chun cruinneas, stóinseacht, cibearshlándáil agus comhlíonadh na gceanglas ábhartha eile a leagtar amach sna Clásail seo a thomhas, chomh maith le tionchair a d’fhéadfadh a bheith idirdhealaitheach; logaí tástála agus na tuarascálacha tástála uile arna ndátú agus arna síniú ag na daoine freagracha, lena n-áirítear maidir le hathruithe réamhshocraithe dá dtagraítear faoi phointe 2.5;

2.7. bearta cibearshlándála a chuirtear i bhfeidhm.

Faisnéis mhionsonraithe maidir le faireachán, feidhmiú agus rialú an Chórais IS, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: a inniúlachtaí agus a theorainneacha maidir le feidhmíocht, lena n-áirítear na céimeanna cruinnis le haghaidh daoine sonracha nó grúpaí daoine a bhfuil sé beartaithe an córas a úsáid ina leith agus an leibhéal foriomlán cruinnis i ndáil leis an gcríoch atá beartaithe dó; na torthaí neamhbheartaithe intuartha agus na foinsí riosca don tsláinte agus don tsábháilteacht, do chearta bunúsacha agus d’idirdhealú i bhfianaise na críche atá beartaithe don Chóras IS.

3. tuairisc mhionsonraithe ar an gcóras bainistíochta riosca i gcomhréir le hairteagal 2;

4. tuairisc ar aon athrú ábhartha a dhéanann an Soláthróir ar an gcóras i gcaitheamh a shaolré.

**Iarscríbhinn D Treoracha úsáide**

Beidh an t-eolas seo a leanas ar a laghad, mar is infheidhme maidir leis an gCóras IS, sna treoracha úsáide:

1. céannacht agus sonraí teagmhála an tSoláthróra agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht agus sonraí teagmhála a ionadaithe údaraithe;

2. saintréithe, cumais agus teorainneacha feidhmíochta an chórais IS, agus an méid seo a leanas san áireamh i gcás inarb iomchuí:
   - 2.1. an Chríoch atá Beartaithe dó;
   - 2.2. an leibhéal cruinnis, stóinseachta agus cibearshlándála dá dtagraítear in airteagal 8, a ndearnadh an Córas IS a thástáil agus a bhailíochtú ina leith agus ar féidir coinne a bheith leis, agus aon imthoisc atá ar eolas agus intuartha go soiléir a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an leibhéal cruinnis, stóinseachta agus cibearshlándála sin a bhfuil coinne leis;
   - 2.3. aon imthoisc atá aitheanta nó intuartha go soiléir agus a bhaineann le húsáid an Chórais IS i gcomhréir leis an gCríoch atá Beartaithe dó nó faoi choinníollacha Mí-úsáide Measartha Intuartha, as a bhféadfaidh rioscaí a bhaineann leis an tsláinte nó leis an tsábháilteacht nó le cearta bunúsacha teacht;
   - 2.4. a mhéid is amhlaidh is féidir míniú ar chinntí a dhéantar leis an gCóras IS a sholáthar leis;
   - 2.5. feidhmíocht an chórais a mhéid a bhaineann le daoine nó grúpaí daoine a mbeartaítear an Córas IS a úsáid orthu;
   - 2.6. eolas ábhartha maidir le gníomhaíochtaí úsáideora a bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht an chórais, cuir i gcás cineál nó cáilíocht na sonraí ionchuir, nó aon eolas ábhartha eile ó thaobh na dtacar sonraí oiliúna, bailíochtúcháin agus tástála a úsáideadh, agus an chríoch atá beartaithe don Chóras IS á cur san áireamh.

3. na hathruithe ar an gCóras IS agus a fheidhmíocht a ndearna an Soláthróir iad a réamhchinneadh, más ann;

4. na bearta formhaoirseachta daonna dá dtagraítear in Airteagal 7, agus na bearta teicniúla a chuirtear i bhfeidhm san áireamh, ar bearta iad chun léirmhíniú na hEagraíochta Poiblí ar aschuir an Chórais IS a éascú;

5. saolré ionchasach an Chórais IS agus aon bheart cothabhála agus cúraim is gá chun feidhmiú cuí an Chórais IS sin a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le nuashonruithe bogearraí;

6. tuairisc ar na sásraí a chuimsítear laistigh den Chóras IS lena gceadaítear d’úsáideoirí na logaí a bhailiú, a stóráil agus a léirmhíniú go cuí.

**Iarscríbhinn E Bearta chun trédhearcacht a chinntiú**

*Soláthair anseo tuairisc ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá le déanamh ag an Soláthróir chun trédhearcacht a chinntiú i gcomhréir le hAirteagal 6 de na Clásail.*

**Iarscríbhinn F Bearta chun formhaoirseacht dhaonna a chinntiú**

*Soláthair anseo tuairisc ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá le déanamh ag an Soláthróir chun formhaoirseacht dhaonna a chinntiú i gcomhréir le hAirteagal 7 de na Clásail.*

**Iarscríbhinn G Leibhéil chruinnis**

*Tabhair tuairisc anseo ar na leibhéil chruinnis a éilítear.*

**Iarscríbhinn H Bearta chun leibhéal iomchuí stóinseachta, sábháilteachta agus cibearshlándála a chinntiú**

*Soláthair anseo tuairisc ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá le déanamh ag an Soláthróir chun leibhéal iomchuí stóinseachta, sábháilteachta agus cibearshlándála a chinntiú i gcomhréir le hAirteagal 8 de na Clásail.*

*Leis na bearta sin ní mór a chinntiú go mbeidh an Córas IS chomh solúbtha is féidir maidir le hearráidí, fabhtanna nó neamhréireachtaí ar féidir go dtarlóidh siad laistigh den chóras nó den timpeallacht ina n-oibríonn an córas, go háirithe de bharr a n-idirghníomhaíochta le daoine nádúrtha nó córais eile.*

*Beidh an Córas IS solúbtha a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí de chuid tríú páirtithe neamhúdaraithe a n-úsáid, a n-iompraíocht, a n-aschuir nó a bhfeidhmíocht a athrú trí theacht i dtír ar leochaileachtaí an chórais. Ar na réitigh theicniúla chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí sonracha intleachta saorga féadfar a chuimsiú, i gcás inarb iomchuí, bearta chun ionsaithe a chosc agus a bhrath, chun freagairt dóibh, chun iad a réiteach agus a rialú, ar ionsaithe iad lena bhféachtar leis an tacar sonraí oiliúna a ionramháil ('nimhiú sonraí'), nó comhpháirteanna réamhoilte a úsáidtear in oiliúint ('nimhiú samhla'), ionchuir a dheartar chun é a chur faoi deara don tsamhail botún a dhéanamh ('samplaí sáraíochta' nó 'seachaint samhla'), ionsaithe rúndachta nó fabhtanna samhla, as a bhféadfadh cinnteoireacht dhíobhálach teacht.*